

SIAMSÁN SA MBAILE!

Mise!

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Mé féin' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar 10 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Mise: Déan pictiúr ealaíonta díot féin agus ar cóimhíd leat féin!

Ábhar:

Píosa mór cairtchláir nó páipéir nó go leor píosaí beaga ar féidir iad a ghreamú le chéile

Marcóir agus ábhar dathúcháin

Péint nó pinn dhaite agus ábhar maisiúcháin eile

Téip ghreamaitheach

1. Leag amach an cairtchlár/páipéar ar an urlár. Beidh an pictiúr seo ar cóimhíd leat féin mar sin bí cinnte go mbeidh do dhóthain cairtchláir/páipéir agat. Má tá tú ag úsáid píosaí beaga páipéir nó cairtchláir, greamaigh le chéile iad.
2. Luigh siar ar an gcairtchlár nó ar an bpáipéar. Iarr ar dhuine fásta líne a tharraingt timpeall ar do cholainn. Nuair a éireoidh tú i do sheasamh ba cheart go mbeadh imlíne do cholainne tarraingthe ar an bpáipéar – cloigeann, guailí, lámha agus cosa!
3. Leis an marcóir, líon isteach d'éadan, do ghruaig, agus d'éadaí.
4. Dathaigh d'éadaí, d'éadan, do lámha agus do chosa le péint nó pinn dhaite. Is féidir an 'pictiúr' a mhaisiú freisin – le héadach, olann, gealáin, greamáin agus pé rud eile atá ar fáil sa mbaile!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Tuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta